

JC 2024 34

5 Meitheamh 2024

## Treoirlínte Comhpháirteacha

---

Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostais agus cailteanais bhliantúla chomhiomlánaithe de bharr mórtheagmhas a bhaineann le TFC faoi Rialachán (AE) 2022/2554

Tá tagairtí sna Treoirlínte seo do rialacháin tharmligthe agus chur chun feidhme ón gCoimisiún Eorpach nár foilsíodh fós in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. A luaithe a fhoilseofar na Rialacháin seo atá le teacht san Iris Oifigiúil, cuirfear bailchríoch ar na Treoirlínte seo trí na tagairtí sin a chur san áireamh. Cuirfear na tagairtí isteach sna codanna a aibhsítear i ndath buí.

Ní féidir dáta chur i bhfeidhm na dTreoirlínte seo a chinneadh go dtí go mbeidh na Treoirlínte seo tugtha chun críche. Meastar gurb é an 17 Eanáir 2025 an dáta a chuirfear na Treoirlínte seo i bhfeidhm. I gcás ina mbeidh moill ann na Treoirlínte seo a thabhairt chun críche, beidh an lá is déanaí de chur i bhfeidhm na dTreoirlínte seo dhá mhí tar éis dháta foilsithe na n-aistriúchán ar na Treoirlínte seo i dteangacha oifigiúla uile an AE.

# Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le meastachán a dhéanamh ar chostais agus cailteanais bhliantúla chomhiomlánaithe de bharr mórtheagmhas a bhaineann le TFC

## Stádas na dTreoirlínte seo

Sa doiciméad seo tá Treoirlínte Comhpháirteacha arna n-eisiúint de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010<sup>1</sup>; Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010<sup>2</sup>; agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010<sup>3</sup> - 'Rialacháin ÚMEnna'. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialacháin ÚMEnna faoi seach, ní mó d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht na Treoirlínte a chomhlíonadh.

Leagtar amach sna Treoirlínte Comhpháirteacha dearcadh na ÚMEnna maidir le cleachtais mhairseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na Treoirlínte Comhpháirteacha maidir leo iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcleachtais mhairseachta de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhairseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na Treoirlínte Comhpháirteacha dírithe go príomha ar institiúidí.

## Ceanglais Tuairiscithe

I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialacháin ÚMEnna, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚME faoi seach maidir le cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na Treoirlínte Comhpháirteacha/Moltaí seo, nó maidir le cúiseanna le neamhchomhlíonadh ar bhealach eile, faoin 19.05.2025 (dhá mhí tar éis na heisiúna). In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh an ÚME faoi seach go bhfuil na húdaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh chuig [compliance@eba.europa.eu](mailto:compliance@eba.europa.eu), [compliance@eiopa.europa.eu](mailto:compliance@eiopa.europa.eu) agus [DORA@esma.europa.eu](mailto:DORA@esma.europa.eu) leis an tagairt 'JC/GL/2024/34'. Tá teimpléad le haghaidh fógraí ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na ÚMEnna.

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baintéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

<sup>2</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún, (IO L 331, 15.12.2010, lgh. 48–83)

<sup>3</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margai), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lgh. 84–119).

Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuirisciú.

Foilseofar fógraí ar shuíomhanna gréasáin na ÚMEnna, i gcomhréir le hAirteagal 16(3).

## Teideal I - Ábhar, raon feidhme, seolaithe agus sainmhínithe

### Ábhar agus Raon feidhme

1. Is é is aidhm do na treoirlínte seo an sainordú a thugtar do ÚMEnna faoi Airteagal 11(11) de Rialachán (AE) 2022/2554<sup>4</sup> a chomhlíonadh, chun treoirlínte comhchoiteanna a fhorbairt maidir le meastachán a dhéanamh ar chostais agus cailleanais bhliantúla chomhiomlánaithe mórtheagmhas a bhaineann le TFC dá dtagraítear in Airteagal 11(10) den Rialachán sin. Sonraítear sna treoirlínte seo freisin teimpléad coiteann chun na costais agus na cailleanais bhliantúla chomhiomlánaithe a chur isteach.

### Seolaithe

2. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 46 de Rialachán 2022/2554 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 1093/2010, Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 1094/2010 agus Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 1095/2010.

### Sainmhínithe

3. Tá an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2022/2554 sna treoirlínte seo.

## Teideal II - Cur chun feidhme

### Dáta cur i bhfeidhm

4. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo ón 19.05.2025.

---

<sup>4</sup> Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011, (IO 333, 27.12.2022, lgh. 1–79)

## Teideal III- Forálacha maidir le meastachán a dhéanamh ar chostais agus caillteanais bhliantúla chomhiomlánaithe i ndáil le mórtheagmhais a bhaineann le TFC

5. Ba cheart d'eintitis airgeadais costais agus caillteanais bhliantúla chomhiomlána i ndáil le mórtheagmhais a bhaineann le TFC a mheas trí na costais agus na caillteanais a chomhiomlánú i ndáil le mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thagann laistigh den bhliain tagartha ar iarr an t-údarás inniúil an meastachán ina leith. Féadfaidh an t-eintiteas airgeadais a roghnú cé acu ba cheart nó nár cheart an bhliain tagartha a bheith ag teacht leis an mbliain féilire a cuireadh i gcrích, nó le bliain chuntasaíochta an eintitis airgeadais a bhfuil a ráitis airgeadais tugtha chun críche ag an eintiteas airgeadais ina leith. A luaithe a chinneadh eintiteas airgeadais cé acu an soláthróidh sé an meastachán bunaithe ar an mbliain féilire nó ar a bhliain chuntasaíochta, ba cheart cinneadh den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir le meastacháin amach anseo ar chostais agus caillteanais bhliantúla chomhiomlánaithe. Féadfaidh an t-eintiteas airgeadais an cinneadh sin a athrú trí fhógra a thabhairt don údarás inniúil, agus ar choinníoll nach gcuireann an t-údarás inniúil ina choinne laistigh de dhá mhí tar éis an fógra a fháil. Níor cheart d'eintitis airgeadais costais agus caillteanais a bhaineann leis na teagmhais sin a thagann roimh an mbliain tagartha sin nó ina diadid a áireamh.
6. Ba cheart d'eintitis airgeadais a áireamh sa mheastachán gach teagmhas a bhaineann le TFC a aicmíodh, beag beann ar an gcúis, mar mhórtheagmhais i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún [OJ L, 2024/1772, 25.6.2024]<sup>5</sup> maidir le haicmiú teagmhais agus
  - (a) ar chuir an t-eintiteas airgeadais tuarascáil chríochnaitheach isteach ina leith i gcomhréir le hAirteagal 19(4)(c) de Rialachán (AE) 2022/2554 sa bhliain tagartha ábhartha, nó
  - (b) aon teagmhas ar chuir an t-eintiteas airgeadais tuarascáil chríochnaitheach isteach ina leith sna blianta tagartha roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 19(4)(c) de Rialachán (AE) 2022/2554 a raibh tionchar airgeadais inchainníochtaithe aige ar an eintiteas airgeadais sa bhliain tagartha ábhartha.
7. Ba cheart d'eintitis airgeadais meastachán a dhéanamh ar na costais agus na caillteanais bhliantúla chomhiomlánaithe trí na céimeanna seicheamhacha seo a leanas a chur i bhfeidhm:
  - (a) meastachán a dhéanamh ar chostais agus caillteanais gach mórtheagmhais a bhaineann le TFC dá dtagraítear i mír 6 ina aonar. Ba cheart na hollchostais agus na hollchailiteanais a bheith mar thoradh ar na meastacháin sin agus na cineálacha costas agus caillteanas á gcur san áireamh mar a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus (2) den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún [OJ L, 2024/1772, 25.6.2024];

<sup>5</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir maidir le haicmiú teagmhas a bhaineann le TFC agus cibearbhagairtí, lena leagtar amach tairseacha ábharthachta agus lena sonraítear sonraí tuairiscithe mórtheagmhais, [OJ L, 2024/1772, 25.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/del/2024/1772/oj>]

- (b) maidir le gach mórtheagmhas a bhaineann le TFC, ba cheart d'eintitis airgeadais meastachán a dhéanamh freisin ar na haisghabhálacha airgeadais mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún [OJ L, 2025/302, 20.2.2025]<sup>6</sup>;
- (c) ba cheart d'eintitis airgeadais comhiomlánú a dhéanamh ar na hollchostais agus ar na hollchailleanais, agus ar na haisghabhálacha airgeadais thar mhórtheagmhais a bhaineann le TFC.
8. Mar bhonn do na meastacháin, ba cheart d'eintitis airgeadais tagairt a dhéanamh do na costais, na cailleanais agus na haisghabhálacha airgeadais a léirítear ina ráitis airgeadais, amhail an cuntas brabúis agus cailleanais, nó i gcás inarb infheidhme ina dtuairisciú maoirseachta na bliana tagartha ábhartha. Ina meastachán, ba cheart d'eintitis airgeadais forálacha cuntasáíochta a chur san áireamh freisin a léirítear ina ráitis airgeadais, amhail cuntas brabúis agus cailleanais na bliana tagartha ábhartha. I gcás nach bhfuil sonraí cruinne ar fáil, ba cheart d'eintitis airgeadais a meastachán a bhunú ar shonraí agus ar fhaisnéis eile atá ar fáil a mhéid is féidir.
9. Ba cheart d'eintitis airgeadais coigeartuithe ar chostais agus cailleanais meastacháin a chuir siad isteach le haghaidh bliain roimhe sin a chur san áireamh sa mheastachán ar an mbliain tagartha ábhartha ina ndéantar na coigeartuithe.
10. Ba cheart d'eintitis airgeadais miondealú ar ollchostais agus ar ollchailleanais agus ar aisghabhálacha airgeadais le haghaidh gach mórtheagmhais a bhaineann le TFC a cuireadh san áireamh sa chomhiomlánú a chur san áireamh freisin sa tuarascáil ar a meastachán ar na costais agus ar na cailleanais bhliantúla chomhiomlánaithe.
11. Ba cheart d'eintitis airgeadais an teimpléad san Iarscríbhinn a úsáid chun meastachán ar a gcostais agus ar a gcailleanais bhliantúla chomhiomlánaithe le haghaidh na bliana tagartha a chur faoi bhráid an údaráis inniúil. Maidir le gach mír faoi mhíreanna 6 agus 9 a áirítear sa mheastachán ar an mbliain tagartha, ba cheart d'eintitis airgeadais na cóid tagartha teagmhais chéanna a sholáthraíonn an t-eintiteas airgeadais a úsáid agus a úsáidtear sa tuarascáil deiridh i gcomhréir le hAirteagal 19(4)(c) de Rialachán (AE) 2022/2554.

---

<sup>6</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/302 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta caighdeánacha d'eintitis airgeadais chun mórtheagmhas a bhaineann le TFC a thuairisciú agus chun fógra a thabhairt faoi chibearbhagairt shuntasach, [OJ L, 2025/302, 20.2.2025, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2025/302/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/302/oj)]

## Iarscríbhinn: Teimpléad tuairiscithe le haghaidh ollchostas agus ollchailteanas agus aisghabhálacha airgeadais i mbliain tagartha

Ainm an eintitis airgeadais				
Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh				
Dáta tosaigh agus dáta deiridh bhliain tagartha an eintitis airgeadais				
Airgeadra				
Uimhir an teagmhais	Dáta tíolactha na tuarascála críochnaithí teagmhais	Uimhir thagartha an teagmhais	Ollchostais agus ollchailteanas an teagmhais sa bhliain tagartha (1000í aonad)	Aisghabhálacha an teagmhais sa bhliain tagartha (1000í aonad)
1				
2				
...				
Iomlán don bhliain tagartha	-----	-----		